



## Aighneacht maidir leis an Dréachtscéim Ghinearálta don Bhille Oideachais (Iontráil ar Scoil), 2013

Fáiltíonn an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) roimh an gcomhairliúchán seo agus roimh mhian an Aire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn, córas trédhearcach, oscailte rollaithe a bheith i bhfeidhm i scoileanna na tíre. Creideann COGG nár cheart d'aon scoil áit a dhiúltú do pháiste ar bith i rogha scoile an tuismitheora.

Maidir le scoileanna lán-Ghaeilge na tíre, ní bhíonn ach cúis amháin le háit a dhiúltú do pháiste - easpa spáis sa scoil de bharr ró-éileamh ar oideachas lán-Ghaeilge. Ní dhéanfaidh athrú sa pholasáí rollaithe an fhadhb seo a réiteach agus leanfar ag diúltú páistí i scoileanna lán-Ghaeilge go dtí go mbeidh soláthar leordhóthaineach scoileanna lán-Ghaeilge ar fud na tíre. Ceal spáis, ní ghlactar le gach páiste i 22% de na bunscoileanna lán-Ghaeilge agus 29% de na hiarbhunscoileanna lán-Ghaeilge.

Is i gcomhthéacs na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge agus a móraidhm líon na gcainteoirí Gaeilge a mhéadú ó 80,000 go 250,000 atá an aighneacht seo á scríobh. Braitheann baint amach na haidhme seo go mór ar an gcóras oideachais ach, i ndeireadh an lae, braitheann todhchaí na Gaeilge ar líon na bpáistí a thógtar le Gaeilge mar theanga teaghlaigh.

Tá líon an-bheag tuismitheoirí ag tógáil a bpáistí le Gaeilge laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht agus, má tá an rialtas dáiríre faoin nGaeilge a chaomhnú, is gá teanga dhúchais na bpáistí seo a chosaint. Bíonn an Ghaeilge mar theanga teaghlaigh ag níos lú ná 3% de na páistí i scoileanna lán-Ghaeilge.

Léiríonn taighde go bhfuil sé an-dúshlánach páistí a thógáil le Gaeilge sa tsochaí Béarla ina mairimid in Éirinn gan tacaíochtaí cuí a bheith ar fáil agus gurb iad an córas cúram leanaí agus an córas oideachais na tacaíochtaí is tábhachtaí do thuismitheoirí. Creideann COGG go bhfuil de cheart ag tuismitheoirí a thógann páistí le Gaeilge a bheith ag súil le hoideachas trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil dá bpáistí agus nach ndéanfaí leatrom orthu trí áit i scoil lán-Ghaeilge a dhiúltú dóibh agus iallach a chur ar a dtuismitheoirí iad a chlárú i scoil Bhéarla. An bhfuil sé i gceist iallach a chur ar thuismitheoirí nach spéis leo oideachas trí Ghaeilge a bpáistí a chlárú i scoil lán-Ghaeilge mura bhfuil áit i scoil Bhéarla dá bpáistí?



35 Cearnóg Mhíic Liam  
Baile Átha Cliath 2

Fón  
Facs  
Ríomhphost  
Suíomh gréasáin

+353 1 634 0831  
+353 1 634 1002  
eolas@cogg.ie  
www.cogg.ie

## MOLTAÍ

- Molann COGG go mbeadh de cheart ag bunscoileanna agus ag iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge cúlra teanga páistí a thabhairt san áireamh agus páistí á rollú i scoileanna lán-Ghaeilge.
- Molann COGG go mbeadh de cheart ag na scoileanna sin tús áite a thabhairt do pháistí a bhfuil an Ghaeilge mar theanga teaghlaigh acu lena chinntiú go mbíonn oideachas ina gcéad teanga ar fáil dóibh siúd atá á dtógáil le Gaeilge.
- De réir an Achta Oideachais (1998), tá dualgas ar Bhord Bainistíochta scoile spiorad saineúil na scoile a chosaint agus, chuige sin, molann COGG go mbeadh de cheart ag Boird Bhainistíochta iar-bhunscoile tús áite ina bpolasaithe rollaithe a thabhairt do pháistí a fhaigheann a mbunoideachas i scoil lán-Ghaeilge ionas go gcaomhnófar nósmaireacht na Gaeilge sna scoileanna, seachas líon ard daltaí a fuair a mbunoideachas trí Bhéarla a bheith sna hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge.
- Dar le COGG, luíonn sé le réasún ó thaobh chaighdeán an oideachais de agus ó thaobh luach ar chaiteachas stáit de, go mbeadh daltaí na mbunscoileanna lán-Ghaeilge ag leanúint orthu go hiar-bhunscoil lán-Ghaeilge.

Muireann Ní Mhóráin  
Thar ceann na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta  
30 Deireadh Fómhair 2013